



## FIADHÚLRA

eolas ar an gcomhshaol

[www.enfo.ie](http://www.enfo.ie)



### Bleidhmhiolta móra, Deilfeanna agus Muca Mara na hÉireann

Baineann gach bleidhmhiol, deilf agus muc mhara le grúpa ar a dtugtar na céiticeigh. Is cosúil gur shíolraigh na bleidhmhiolta ó ainmhí crúbach éigin a thug an t-uisce air féin agus a chuaigh in oiriúint thar thréimhse don timpeallacht nua. Chrap na cosa deiridh go dtí nach raibh fágtha ach dhá chnámhín istigh sna matáin san áit a raibh an peilbheas roimhe sin. Maidir le heireaball an ainmhí, rinneadh bos chothrom de a bhogtar suas síos chun an bleidhmhiol a chur ag gluaiseacht san uisce. Ní hionann sin agus eireaball éisc, a bhogtar ó thaobh go taobh.

Ach oiread linn féin, is ainmhithe teofhuilteacha iad a análaíonn aer. Bleidhmhiol amháin a thagann chun an tsaoil in aghaidh gach toirchis, agus beathaítear iad le bainne méith a máthar. Tá blonag i gcorp an bhleidhmhíil mar dhíon ar fhuacht. Le linn an phróisis éabhlóide, d'aistrigh na pollairí

siar go barr an chloiginn. Is iad seo na 'poill séidte'. Dhá pholl séidte atá ag formhór na mbleidhmhiolta móra, fad is gur poll séidte amháin atá ag na bleidhmhiolta fíaclacha is lú.

Baineann gach céiticeach le ceann amháin de dhá fho-aicme, de réir a nósanna itheacháin. Tá bleidhmhiolta fíaclacha (Odontoceti) ann agus bleidhmhiolta a bhfuil míolchnámh ina ngialla in áit na bhfiacra (Mysticeti). Tá 82 speiceas bleidhmhíil ann, má chuirtear deilfeanna agus muca mara san áireamh. Bleidhmhiolta míolchnámh is ea 11 díobh siúd, agus is bleidhmhiolta fíaclacha an chuid eile.

Is é an bleidhmhiol gorm an speiceas míolchnámh is mó, agus is é freisin an t-ainmhí is mó ar domhan inniu. Féadann siad a bheith chomh fada le 27m. Bleidhmhiol míolchnámh atá sa speiceas is lú agus is coitianta chomh maith, is é sin an



Eite droma

Poll séidte

Bos eireabaill

Súil


Anas

Eite brollaigh (mútóg)

Poll cluaise

droimeiteach beag. Ar na speicis eile míolchnámh i bhfarraigí na hÉireann tá an droimeiteach, droimeiteach na saíán agus an bleidhmhiol cruiteach (a bhfuil sé de chlú uirthi go mbíonn sé 'ag canadh'). Maidir leis na bleidhmhiolta fíaclacha, deilfeanna agus muca mara san áireamh, féadann siad a bheith chomh mór leis an gcaisealóid (15-20m) nó chomh beag le muc mhara bheag (faoi bhun 2m).

Bíonn dhá ainm ar na hainmhithe seo go léir; ainm coitianta agus ainm eolaíoch. Is amhlaidh a thugtar ainmneacha difriúla ar an speiceas céanna ó réigiún go réigiún, agus teastaíonn an t-ainm eolaíoch chun nach mbeidh meascán mearaí orainn ar fad. Is é an t-ainm eolaíoch atá ar an droimeiteach beag, mar shampla,



An droimeiteach beag 8-9m (25-30 troigh). Bíonn leadhbh gheal bhán ar gach ceann dá mhútóga.

ná Balaenoptera acutorostrata. Teastaíonn an t-ainm eolaíoch toisc a oiread sin ainmneacha eile a bheith ann: the lesser rorqual, herring hog, pikehead, lesser finback agus the sharp-headed finner, agus sin gan dul níos faide ná an Béarla! Is léir, mar sin, nach leor na hainmneacha coitianta agus go bhfuil gá le hainm eolaíoch amháin a thuigtear fud fad an domhain.

Tá roinnt speiceas de chuid aicme na ndeilfeanna ann a mheastar go coitianta gur bleidhmhíolta iad i.e. an chráin dhubh agus an píolótach. Le firinne is í an chráin dhubh (tugtar ‘an grampar’ uirthi freisin) an speicis deilfe is mó ar fad. Is iad na muca mara na speicis is lú i measc na gcéiticeach. Bíonn na deilfeanna níos mó ná na muca mara, agus is gnách gurb iad na bleidhmhíolta na hainmhithe is mó ar fad.

### Tionscal Bleidhmhíolta na hÉireann

Bhíothas ag seilg bleidhmhíolta i mBá Dhún na nGall ar a laghad chomh fada siar leis an 18ú haois. Cuireadh bonn ceart tráchtála faoin tionscal sa bhliain 1908, nuair a bunaíodh an comhlacht loruach, Arranmore Whaling Co. ar Inis Gé Theas, amach ó chósta Mhaigh Eo. Ba i monarcha cois cladaigh anseo ar ghnách na bleidhmhíolta a phróiseáil. Idir 1908 agus 1913, maraíodh 387 bleidhmhíol. Bhí 66 míol gorm agus 218 droimeiteach orthu sin,

agus ba dhroimeitigh saíán, míolta cruiteacha, dea-mhíolta móra agus caisealóidí a bhí sa chuid eile. Sa bhliain 1914, níor maraíodh ach 49 bleidhmhíol, agus cuireadh an comhlacht ar scor an bhliain ina dhiaidh sin.

Bhí comhlacht loruach eile lonnaithe ar an bhFód Dubh i gContae Mhaigh Eo i.e. The Blacksod Whaling Co. Sa bhliain 1909 a bunaíodh é agus, idir 1910 agus 1914, maraíodh 27 míol gorm agus 217 droimeiteach. Éiríodh as an obair ó 1914 go 1920 mar gheall ar an gCéad Chogadh Domhanda. Ba í an bhliain 1922 an bhliain dheireanach den chomhlacht. Maraíodh 77 bleidhmhíol le linn na bliana sin, 18 míol gorm ina measc. D'éirigh an comhlacht as trádáil ar fad sa bhliain 1933, i ndiaidh 507 bleidhmhíol a mharú i bhfarraigí na hÉireann.

Lean báid loruacha ag marú droimeiteach beag i bhfarraigí na hÉireann suas go dtí 1976, nuair a tionscnaíodh an Acht um Fhiadhúlra, a thug lánchoimrice do gach céiticeach agus a chuir cosc ar sheilg bleidhmhíolta i bhfarraigí na hÉireann.

### Tearmann Bleidhmhíolta agus Deilfeanna na hÉireann

Bunaíodh eagraíocht ar a dtugtar Grúpa Faire Míolta Móra agus Deilfeanna na hÉireann. Ag cruinniú bunaithe na heagraíochta i mí na Nollag 1990, maíodh gur cheart tearmann a

dhéanamh d'fharraigí na hÉireann. Cuireadh tús le feachtas scríofa litreacha go dtí Teachtaí Dála agus an Taoiseach. Ar an dea-uair, ba sheoltóir díograiseach é an Taoiseach, Cathal Ó hEochaidh, agus d'éist sé go haireach le éilimh an fheachtais. Ar 7ú Meitheamh 1991, d'fhógair an Rialtas gur tearmann do bhleidhmhíolta agus do dheilfeanna a bheadh i limistéar eacnamaíoch na hÉireann feasta (limistéar 200 míle). Ba é an chéad uair a fógraíodh a leithéid de thearmann san Eoraip. Is maith sin, ach tá cuid mhór oibre le déanamh fós chun an tearmann a dhéanamh níos sábháilte do bhleidhmhíolta.

### Ag Faire Bleidhmhíolta in Éirinn

Is iad na ceantair is fearr le bheith ag faire ar na hainmhithe seo ná cósta an deiscirt, an iardheiscirt agus an iarthair. Ach cuimhnigh nach gcloíonn na hainmhithe seo le clár ama ar bith. Ní bhíonn a fhios cén uair nó cén áit a nochtfaidh siad.

Seo roinnt treoracha a chuideoidh leat:

- *Míonna an tsamhraidh na míonna is fearr: Is é seo an t-am is teo a bhíonn an t-uisce agus bíonn an-chuid éisc, maicréal mar shampla, ag druidim in aice an chósta. Is foinse mhaith bhia iad seo do na céiticigh.*

- **Seachain an drochaimsir:** Bíonn sé níos deacra fiú na míolta móra a fheiceáil nuair a bhíonn an fharraige clabach, gan trácht ar an mhuc mhara bheag.
- **Bí ag faire le linn do na hainmhithe a bheith ag ithe:** Is gnách go mbíonn na céiticigh sa tóir ar bhia go luath ar maidin agus go déanach tráthnóna.
- **Roghnaigh áit mhaith chun faire:** Is iad na hardáin is fearr ar fad, aillte cuir i gcás, nó cinn tíre. Bíodh limistéar fairsing faoi raon do shúl.
- **Faigh cead na n-úinéirí talún:** Is gnách go mbíonn lúcháir ar úinéirí talún a fháil amach go mbíonn bleidhmhiolta nó deilfeanna le feiceáil óna gcuid talún.
- **Bíodh trealamh féachana agat:** Is cuma cé chomh maith is atá radharc na súl agat, ba dheacair duit muc mhara bheag a fheiceáil 400 slat amach ón gcósta. Ceannaigh déshúiligh mhaithe, nó gloine féachana.
- **Breathnaigh ar bhun na spéire:** Bí ag faire le haghaidh na gcomharthaí seo a leanas: gainéid ag tumadh san uisce, slaparnach ar dhromchla an uisce, tonnta a bhfuil cruth aduain orthu nó gluaiseachtaí tapúla gan choinne.
- **Bí compordach:** Bíodh éadaí oiriúnacha ort sa chaoi is go mbainfidh tú taitneamh as an bhfaire.
- **Bí slán sábháilte:** Bí airdeallach agus tú ag siúl na n-aillte. Inis do dhuine éigin cá bhfuil tú ag dul agus cá huair a fhéadann siad a bheith ag súil leat fillleadh abhaile.

Deilf Risso 3 - 3.5m (9 – 12 troigh). Níl aon ghob air. Féach na scríoba agus na cneacha ar a dhroim. Dath báite éadrom a bhíonn ar na deilfeanna fásta.

Muc mhara bheag 1.4 – 1.7m (4.5 – 5.5 troigh). Níl aon ghob air. Cruth triantánach ar an eite droma beag.

### Cén fáth a sáinnítear bleidhmhiolta agus deilfeanna ar thalamh tirim?

Formhór na mbleidhmhiolta a thagann chun cladaigh, is amhlaidh a bhíonn siad i ndiaidh bás a fháil agus go dtagann siad i dtír sa taoide. Bíonn drochbholadh ar ainmhithe atá marbh le tamall maith, agus is gránna an radharc iad gan amhras. Fiú amháin na heolaithe, ní bhíonn siad in ann mórán tairbhe a bhaint as conabhlach lofa. Má thagann tú ar bhleidhmhiol marbh, ba cheart duit dul i dteagmháil le dream díobh seo a leanas:

Roinn Zú-eolaíochta an Choláiste Ollscoile, BÁC (le haghaidh scrúduithe iarbháis agus paiteolaíochta)

Comhordaitheoir réigiúnach Ghrúpa Faire Míolta Móra agus Deilfeanna na hÉireann, (leis an speiceas a chinntiú agus an bás a thaifeadadh)

Seirbhísí áitiúla ar nós an Gharda Síochána nó an Fhorais Chosanta

Áitiúil (le daoine a choimeád ar shiúl, ar eagla go scaipfí aon cheann de na galair mharfacha is féidir a tholghadh ón gconabhlach)

An Chomhairle Contae áitiúil (a bhfuil sé de chúram orthu an conabhlach a dhiúscairt).

Tarlaíonn sé ó am go chéile go dtagann bleidhmhiolta agus deilfeanna chun cladaigh agus iad beo. Ar na cúiseanna is coitianta leis seo tá:

**Mistiúradh** – de dheasca athruithe i réimsí stiúrtha geomaighnéadacha.

**Mearbhall i dtaobh thopagrafach an chósta** – is iomaí sin gné aiceanta a chuirfeadh mearbhall ar ainmhithe nach bhfuil cleachtadh acu ar uisce tanaí an chósta, cuir i gcás trána fána, barraí gainimh agus uisce lán siolta.

**Easláinte** – is iomaí rud a d'fhéadfadh ainmhí a lagú ar shlí go sáinneofaí ar an gcladach é, cuir i gcás ionfhabhtú baictéarach, seadánach nó víreasach, tráma nó míchothú.



**Dílseacht teaghlaigh** – tá dílseacht shóisialta an-láidir i gcuid de na speicis, cuir i gcás an píolótach agus an chaisealóid, agus is minic a thagann ainmhithe folláine i dtír i gcuideachta ainmhí tinn.

**Meascán de na cúiseanna seo.**

## Bagairtí do bhleidhmhiolta i bhfarraigí na hÉireann

- **An tionscal seilge á athbhunú:** *In ainneoin gur fhógair Coimisiún Idirnáisiúnta na Míolta Móra cosc ar sheilg bleidhmhiolta sa bhliain 1986, tá an tseilg sin fós ar siúl ar bhonn tráchtála san Iorua agus sa tSeapáin. Maíonn na Seapánaigh gur 'taighde eolaíoch' atá ar siúl acu. Bíonn na céadta droimeiteach beag á marú ag na hloruaigh in aghaidh na bliana. Gach seans gur bleidhmhiolta iad seo a chaith seal i bhfarraigí na hÉireann. Tá roinnt tíortha ann atá i bhfabhar na seilge ar bhleidhmhiolta, agus is féidir go bhfágfaidh siad an Coimisiún, rud a chuirfeadh borradh nua faoin tionscal seilge.*
- **Truailliú mara:** *Tá an-chuid dramhaíola á cruthú ag geilleagar an 'Tógair Cheiltigh'. Is é an toradh atá air sin ná go bhfuil ceimiceáin, miotail throma, agus orgánaclóiríní á gcarnadh san fharraige agus á dtabhairt isteach sa bhiashlabhra. Bíonn suimeanna beaga tocsaineacha á sú isteach ag planctón, mar shampla. Bíonn éisc agus máithreacha súigh ag ithe an phlanctóin sin, agus bíonn na hainmhithe sin á n-ithe ag ainmhithe atá níos airde fós sa bhiashlabhra, bleidhmhiolta agus deilfeanna, cuir i gcás. De réir mar a théann na hainmhithe seo in aois, bíonn an iomarca ábhar*

An píolótach 4.5 – 6m (15-20 troigh). Is cuid suntais an scead bhán ar a scornach agus ar a bhrollach. Tá na heití brollaigh an-fhada.

An Deilf Bholgshronach 3 – 3.6m (9-12 troigh). Colainn liath agus bolg bán. Gan aon mharcanna sonracha.

An Deilf Choiteann 2.1 – 2.4m (6-7 troigh). Dathanna buí agus glas ar a thaobhanna. Gob fada caol.

*tocsaineach á gcarnadh istigh ina gcorp.*

- **Truailliú torainn:** *Bíonn bleidhmhiolta ag brath ar fhuaimneanna chun cumarsáid a dhéanamh, chun a mbealach a stiúradh, agus chun bia a sheilg. De réir mar a théann taiscéalaithe níos doimhne san fharraige sa tóir ar mhianraí is ea is measa a bhíonn cás na mbleidhmhiolta. Tá taiscéalaíocht sheismeach ar siúl amach ón gcósta thiar a líonann an t-uisce le fuaimeanna ísealmhínicíochta a d'fhéadfadh a bheith dochrach do mhíolta móra. Ar na fadhbanna eile atá ann tá an méadú ar thrácht loingis, forbairt chósta agus druileáil.*
- **An iascaireacht:** *Tá an t-iasc ag éirí gann le blianta beaga anuas. De réir pholasaí iascaigh*

*an Aontais Eorpaigh, tá cead ag gach ballstát a bheith ag iascaireacht ar fharraigí na hÉireann. I gcuid de na limistéir iascaigh sin, bíonn iascairí agus na bleidhmhiolta in iomaíocht le chéile agus iad sa tóir ar an gcreach chéanna, scadáin cuir i gcás. Is beag seans gur ag na bleidhmhiolta a bheidh an lá, nuair a chuimhnítear ar cé chomh sofaisticiúil is atá an cabhlach iascaigh. Is beag aird a tugadh, le linn modhanna iascaireachta a bheith á gceapadh, ar conas an t-iasc atá ag teastáil a mharú gan speicis eile a mharú leis. Is é an toradh a bhíonn air sin ná go maraítear an-chuid speiceas nach dteastaíonn ó na hiascairí ar chor ar bith, an mhuc mhara bheag agus an deilf choitianta ina measc.*

- **Ionradh an chine dhaonna:** *Bíonn gach mac máthar ag tarraingt ar an bhfarraige anois le haghaidh spóirt is spraoi, idir sheoltóirí, iascairí, thumadóirí, luasbhádóirí agus lucht scairdsciála. Fiú amháin tá méadú mór ag teacht ar líon na ndaoine a thagann chun an chósta chun faire ar bhleidhmhiolta. Más mian linn dul i ngleic leis na fadhbanna a eascraíonn as sin, beidh orainn ‘limistéir speisialta chaomhnaithe’ a ainmniú agus gnáthóga na gcéiticeach a chosaint. Sampla maith de sin is ea na deilfeanna bolgshrónacha a chónaíonn thart faoi inbhear na Sionainne.*

## An mbíonn mórán bleidhmhiolta le feiceáil faoi chóstaí na hÉireann?

Bíonn. Tá Éire ar cheann de na háiteanna is fearr san Eoraip le haghaidh bleidhmhiolta a faire, nó sa domhan ar fad, b’fhéidir. Déanann bleidhmhiolta aistear bliantúil idir an dá mhol reoite agus na críocha trópaiceacha. I dtaca leis na bleidhmhiolta a fheictear faoi chóstaí na hÉireann in aimsir an tsamhraidh, is ag dul ó thuaidh a bhíonn a bhformhór ag lorg bia in uisce sár-chothaitheacha an Artaigh. Is ag dul ó dheas a bhíonn siad le linn an fhómhair, go dtí na limistéir phóraithe sna réigiúnacha trópaiceacha.

Uisce an-domhain ar fad a bhíonn thart ar na hilchríocha, toisc grinneal na farraige a bheith chomh híseal is atá. Tugtar ‘scairbh ilchríochach’ ar an ghrinneal íseal seo, agus is é an titim ollmhór seo i leibhéal na farraige a chruthaíonn na feachtaí a ghluaiseann thar ghrinneal na farraige agus a scuabann an-chuid cothaitheach aníos san uisce. Cloíonn roinnt mhaith de na míolta móra leis

Cráin dhubh 5.7- 9.5m (20-30 troigh).

Is ag an gcráin dhubh fhireann lánfhásta atá an eite droma is faide dá bhfuil ar aon chéiticeach. Bíonn eite droma na cránach fireann dhá oiread níos faide ná eite na cránach baineann.

an scairbh seo agus iad ar a n-imirce fhada ó thuaidh nó ó dheas. Ar ámharáí an tsaoil, is í Éire an tír Eorpach is gaire do ‘bhóthar mór’ seo na míolta móra.

## Cad iad na speicis a bhíonn le feiceáil anseo?

Bíonn 23 speiceas ar a laghad le feiceáil i bhfarraigí na hÉireann; agus is ionann sin agus timpeall an tríú cuid de na céiticigh ar fad. Bíonn cuid acu ann ó cheann ceann na bliana, agus speicis eile a thagann le linn séasúr áirithe.

Tá cúig speiceas de bhleidhmhiol míolchnáimh a bhíonn le feiceáil amach ón gcósta. Seo iad, in ord a méide: an míol gorm, an droimeiteach, droimeiteach na saíán, an cruiteach agus an droimeiteach beag. Is minic a bhíonn deilfeanna aigéanacha le feiceáil amach ón gcósta, lena n-áirítear an deilf choiteann, an deilf bholgshrónach, an deilf thaobhgheal, an deilf striocach, deilf Risso agus an deilf ghobgheal. Is cuid d’aicme na ndeilfeanna iad an píolótach agus, ainmhí a mbíonn gach uile dhuine geanúil air, an chráin dhubh.

Tá taifead againn ar chúig speiceas de bhleidhmhiolta gobacha. Ba é an sampla ba

dhéanaí an bleidhmhiol bolgshrónach a sáinníodh ar thalamh tirim i gCill Ala i mí Mheán Fómhair, 1999. Craoladh tuairiscí teilifíse mar gheall ar chás an mhíl mhóir bhoicht seo, ach is annamh a fheictear a leithéid cois cladaigh, nó is i nduibheagán thrinsí an Atlantaigh a bhíonn siad ag tóraíocht bia.

Is í an mhuc mhara bheag an céiticeach is lú agus is coitianta ar fad. Bíonn sí le feiceáil cois cladaigh ó am go chéile, ach caithfidh coinníollacha a bheith oiriúnach di féin, nó is ainmhí beag faiteach atá inti.

## Conas a bheathaítear na bleidhmhiolta?

Braitheann sé ar cé acu bleidhmhiol míolchnáimh nó bleidhmhiol fiacloch atá ann. Mar sin féin, bíonn bleidhmhiolta de gach speiceas ag obair i gcomhar le chéile sa tseilg. Bíonn na cruitigh ag séideadh boilgeog san uisce, mar shampla, a fheidhmíonn mar a bheadh eangacha ann. Ceaptar cibé ainmhithe a bhfuil siad sa tóir orthu laistigh de na boilgeoga seo, agus ní bhíonn aon slí éalaithe acu nuair a thagann cruiteach sa mhullach orthu, agus a bhéal mór oscailte

le iad a shlogadh. Is féidir le cluichreán de chránacha dubha báire scadán a chruinniú le chéile in aonad dlúth amháin, chun gur fusa iad a ionsaí. Is minic a ionsaíonn siad bleidhmhíolta atá i bhfad níos mó ná iad féin.

Cé gurb ainmhithe ollmhóra iad, is ar ainmhithe beaga bideacha a mhaireann na bleidhmhíolta míolchnáimh. Tá cuid acu, an cruiteach cuir i gcás, a bhíonn ag ithe de réir mar a bhíonn siad ag gluaiseacht san uisce. Tá eitrí i scornach an mhíl seo a mhéadaíonn agus a leathann de réir mar a shlogann sé uisce isteach. Crapann na heitrí seo de réir mar a scagtar an t-uisce amach idir na plátaí míolchnáimh a bhíonn ar crochadh ó uachtar an charbaill. Cibé ábhar a bhíonn fágtha, slogann an cruiteach siar ina bholg é. Is iad a rogha cineálacha bia ná crill, planctón nó mionéisc a thagann le chéile i gcluichreáin. Is é a dhéanann roinnt speiceas eile, an dea-mhíol mór ina measc, ná bia a scimeáil ó dhromchla an uisce.

Is iomaí seift a úsáideann na bleidhmhíolta fiacalacha. Bíonn siad ag seilg ainmhithe móra aonaracha, máthair shúigh agus éisc cuir i gcás. Bíonn ainmhithe móra á n-ithe ag cuid de na cránacha dubha, muca mara, cuir i gcás, nó mór-rónta, deilfeanna agus fiú amháin bleidhmhíolta eile. Córas aimsithe ó mhacalla a úsáideann siad chun iad féin a threorú, mórán mar a úsáideann sciatháin leathair a chóras sonóra.

Is mar seo a oibríonn an córas aimsithe ó mhacalla: cuireann an t-ainmhí fuaim ardmhínicíochta uaidh féin tríd an chíchín ar chlár a éadain. Tig leo ansin meabhair a bhaint as na macallaí a chostar ar ais chucu agus a sheachadaítear go dtí a gcluas

tríd an gcorrán géill. Bíonn deilfeanna ag feadaíl freisin d'fhonn cumarsáid a dhéanamh le deilfeanna eile sa chluichreán, chun a mbealach a stiúradh agus chun teacht ar ainmhithe creiche. Tá radharc na súl go maith ag cuid de na bleidhmhíolta agus baineann siad leas as sin chomh maith leis an aimsiú ó mhacalla.

### Tagairtí agus Tuilleadh Léitheoireachta

Fairley, J.S. (1981a) Irish Whales and Whaling, Blackstaff Press, Béal Feirste.

Carwardine, Mark (1995). Whales, Dolphins and Porpoises: sa tsraith lámhleabhar Eyewitness. Dorling Kindersley Ttd., Londain.

Irish Whale and Dolphin Group, (1995). Face to face with a beached whale.

Hoyt, Eric (1990). Orca. The Whale Called Killer: Camden House, Ontario.

Lawrence, Eleanor agus Lindsay, Ruth (1996). Mamaigh: An Gúm, Baile Átha Cliath.

Mannion, Sean (1991). Ireland's Friendly Dolphin. Brandon Books, an Daingean.

Cafiero G, Jahoda M (1993). Giants of the Sea. Swan Hill Press, Shrewsbury.

Is féidir dul i dteagmháil le Grúpa Faire Míolta Móra agus Deilfeanna na hÉireann ag na seoltaí seo a leanas:

Má thagann tú ar bhleidhmhíol sáinnithe ar thalamh tirim: fh F.ch Roinn na Zú-eolaíochta agus Éiceolaíocht Ainmhithe An Coláiste Ollscoile Corcaigh Lee Maltings Rae an Radhairc Co. Chorcaí

I ndiaidh duit bleidhmhíol a fheiceáil

An Dr Simon Berrow  
Grúpa Faire Míolta Móra agus Deilfeanna na hÉireann  
Scéim Faire na gCéiticeach F/ch Ionad Cuairteoirí Oileán Uí Shlata  
Cé na gCeannaithe  
Cill Rois, Co. an Chláir  
Teil: 056-905 2139 nó teil. póca: 086-854 5450

Pádraig Whooley – ríomhphost: padwhorca@hotmail.com

Ríomhphost an Ghrúpa: iwdg@eircom.net

Breathnaigh ar ár láithreán gréasáin: www.iwdg.ie

Pádraig Whooley, Grúpa Faire Míolta Móra agus Deilfeanna na hÉireann a scríobh na nótaí seo.



Arna eisiúint ag ENFO – An tSeirbhís Eolais Comhshaoil, 17 Sráid San Aindrias, Baile Átha Cliath 2, Éire.

Teil: 1890 200 191, (01) 888 3910 / 888 3933  
Facs: 01-888 3946  
R.phost: info@enfo.ie  
Gréasán: www.enfo.ie

*Is féidir scríobh nó bualadh isteach chugainn ag an seoladh thuas, nó breathnú ar sheastáin eolais ENFO in oifigí d'údaráis áitiúil féin nó i Leabharlann na Cathrach/an Chontae.*

Seirbhís phoiblí saor in aisce is ea ENFO de chuid na Roinne Comhshaoil & Rialtais Áitiúil



Clóite ar pháipéar athchúrsáilte  
Eanáir 2004